C/2026/3909

20.7.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/3909)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Cicoria puntarelle molfettese’

Uimh. AE: PGI-IT-03443 — 22.7.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Cicoria puntarelle molfettese’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☐ TGFC ☒

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0705 21 — Siocaire witloof (*Cichorium intybus* var. *foliosum*)

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Tagraíonn an tásc geografach faoi chosaint ‘Cicoria puntarelle molfettese’ do chinn agus péacáin (‘puntarelle’) an tsiocaire *Cichorium intybus L*, de na cineálacha ‘Molfetta’, ‘Catalogna pugliese’ agus ‘Catalogna puntarelle a foglia stretta’ a tháirgtear sa limistéar críochaithe. Ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith iontu:

(a) cuma:

ceann: meáchan idir 500 g agus 1 500 g;

struchtúr an chinn: bonn dlúth agus cruinn a bhfuil barr biorach air;

struchtúr na bpéacán (‘puntarelle’): rud beag fadaithe, barrchaolaithe, flúirseach laistigh den cheann;

flúirse fronn i measc na bpéacán;

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

(b) dath: bíonn dath scothbhán ar na péacáin agus bíonn spotaí beaga glasa de dhéine éagsúil orthu;

(c) blas: bíonn an glasra briosc go hiondúil, bíonn blas milis ar na péacáin lena mbaineann iarbhlas beagáinín searbh a éiríonn níos láidre de réir a chéile de réir mar a fhásann na péacáin;

(d) fad na bpéacán: ('puntarelle') idir 7 cm agus 15 cm.

Cuirtear an táirge ar an margadh agus é úr nó réidh lena thomhailt (gáma IV) tar éis íosphróiseáil theicneolaíoch a dhéanamh air arb é atá inti roghnú, sórtáil, gearradh, níochán, triomú agus pacáistiú.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tarlaíonn gach céim de tháirgeadh 'Cicoria puntarelle molfettese' suas leis an mbuain laistigh den limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is féidir an táirge a phacáistiú agus é bearrtha mar tháirge úr, nó i bhformáid IV-gáma:

(a) sa chéad chás, glantar na cinn agus baintear na duilleoga feoite díobh. Is féidir iad a chur ar an margadh i sreabhphacáistí, nó ar thráidirí plaisteacha nó cairtchláir, nó i gcineálacha eile pacáistíochta a cheadaítear sa reachtaíocht ábhartha, ina bhfuil idir 500 g agus 1 500 g meáchain;

(b) sa dara cás, féadfar na péacáin a phacáistiú ar thráidirí plaisteacha nó cairtchláir amháin, nó i gcineálacha eile pacáistithe a cheadaítear sa reachtaíocht ábhartha, ina bhfuil idir 250 g agus 1 000 g meáchain. Ní mór an phacáistíocht a bheith saor ó gach earra coimhthíoch. Ní mór an próiseas pacáistithe a dhéanamh ar bhealach lena n-áirithítear go gcosnaítear an táirge i gceart agus go bhfuil dóthain taise aige.

Níl aon srian geografach ann a bhaineann leis na coinníollacha glanta, scafa, bearrtha agus pacáistithe.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Bíonn an tsiombail TGFC Eorpach agus lógó an ainmniúcháin le feiceáil ar an bpacáistíocht.

Níor cheart aon tuairisc eile nach bhforáiltear go sainráite di sa tsonraíocht táirge seo a bheith ag gabháil leis an tásc geografach faoi chosaint 'Cicoria puntarelle molfettese'. Ceadaítear fíorainmneacha, ainmneacha gnó agus trádmharcanna príobháideacha agus/nó poiblí a úsáid, ar choinníoll nach bhfuil aon chiall mholta leo.

Ní mór lipéad a ghreamú den phacáistíocht leis an bhfaisnéis a cheanglaítear leis an dlí i gcarachtair inléite dhoscriosta, atá infheicthe ón taobh amuigh.

Níor cheart d'aon fhaisnéis bhreise an tomhaltóir a chur amú maidir le cineál agus saintréithe an táirge.

I ndearadh an lógó tá ciorcal dúghlas (Pantone 2424 C), agus na focail 'CICORIA PUNTARELLE MOLFETTESE' le feiceáil i ndath bán sa chuid uachtarach agus 'IGP', i ndath bán freisin, sa chuid íochtarach. I lár an chiorcail tá dearadh a léiríonn planda siocaire stílithe ag a bhfuil trí bharr agus cruth dhá thúr in íochtar. Cruthaítear an litir 'M' le haghaidh Molfetta leis an dá thúr sin. Tá dhá imir ghlasa ar an lógó: Pantone 2424C agus Panton 2286C.

Is féidir leagan dubh agus bán den lógó a úsáid freisin, agus fráma dorcha ann agus an dearadh inmheánach ar chúlra bán.





5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsíonn limistéar táirgeachta TGFC 'Cicoria puntarelle molfettese' críoch riaracháin bhardais Bisceglie, Bitonto, Giovinazzo, Molfetta, Terlizzi agus Ruvo di Puglia.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an nithe seo a leanas:

☐ clú

☐ cáilíocht áirithe

☒ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Tá an t-iarratas ar aitheantas 'Cicoria puntarelle molfettese' bunaithe ar an gclú agus ar na saintréithe sainiúla araon.

Go deimhin, is féidir 'Cicoria puntarelle molfettese' a aithint trína chuma (féach pointe 4.2 den doiciméad aonair), lena mbaineann glas scothbhán an chinn, a dlús agus a bhrisce nádúrtha, milseacht na bpéacán agus an t-iarbhlas beagáinín searbh, agus cosúlacht na bpéacán le pící beaga, agus sin an chúis a bhfuil an leasainm 'siocaire biorach' air a thagraíonn do na barra atá cosúil le pící: 'le puntarelle'. (G. de Marco, Molfetta tra Passato e presente, [Molfetta san am a chuaigh thart agus sa lá atá inniu ann] Molfetta – Mezzina, 1982, lch. 12).

Mar thoradh ar na saintréithe sin, tá clú agus sainiúlacht ar an táirge a idirdhealaíonn é ó chineálacha eile siocaire de chineál Catalogna den speiceas Cycorium.

Cruthaíodh an tsainiúlacht sin go heolaíoch in 2012 trí anailís ar phríomh-chomhchodanna agus úsáid á baint as athshondas maighnéadach núicléach, i dtionscadal ar a dtugtar 'Biodiversità delle specie Orticole della Puglia (BiodiverSO)' [Bithéagsúlacht speiceas glasraí Puglia] (2013-2018).

Sa chás sin, léiríodh leis an anailís príomh-chomhchodanna gurb é an comhshaol an phríomhchúis leis an éagsúlacht idir 'Cicoria puntarelle molfettese' agus pobail áitiúla eile siocaire, amhail Galatina. Dá bhrí sin, tugadh bunús le haicmiú 'Cicoria puntarelle molfettese' agus tagairt á déanamh dá thionscnamh geografach. Deimhníodh gur fhorbair an táirge sin a shainiúlacht féin trí oiriúnú saintréitheach do dhálaí comhshaoil an limistéir saothraithe, lena thosca ithreach, aeráide agus talmhaíochta.

Seo tuairisc ar shaintréithe ithreach agus aeráide an limistéir.

— Ithir: is iad substráití aolchloiche, ithreacha clochacha tanaí dea-dhraenáilte a bhfuil gnéithe carstacha (scoilteanna) acu is mó atá sa limistéar táirgeachta, rud a chuireann ar a cumas don bháisteach síothlú go tapa. Tá infhaighteacht uiscí dromchla teoranta ach tá uiscígh fholuiteacha dhoimhne ann.

— Aeráid agus miocraeráid: tá an limistéar táirgeachta, go háirithe na stráicí cósta, faoi réir leoithní farraige agus éagsúlachtaí teochta níos mó san oíche. Bíonn tionchar ag na tosca sin ar fhiseolaíocht an phlanda i gcarnadh siúcraí, gníomhaíocht einsímí agus meitibilítí tánaisteacha.

— Infhaighteacht uisce: sa limistéar táirgeachta, rialaítear an t-uisce atá ar fáil don ithir leis an idirghníomhaíocht idir frasaíochtaí, uigeacht ithreach agus uiscígh charsacha dhoimhne. Cuireann an meascán sin teorainn le huisce marbh agus cinntíonn sé soláthairtí uisce atá seasmhach ach nach bhfuil iomarcach. Spreagtar foirmiú péacán briosc agus cuirtear cosc ar níotráití iomarcacha leis na dálaí sin.

— Raon teochta agus uaireanta sholas an lae: bíonn tionchar ag an éagsúlacht níos mó idir teocht an lae agus teocht na hoíche, agus ag tréimhsí sholas an lae ar saintréith iad den domhanleithead ag a bhfuil an limistéar táirgeachta, ar mheitibileacht na bhfíochán. Tá an cineál fáis sin fabhrach do ghais theanna agus do charnadh na gcomhdhúl feanólach agus na dteirpéiní arb iad is saintréith do bhlas beagán searbh na bpéachán.

Éifeacht ar shaintréithe ‘Cicoria puntarelle molfettese’:

— Frithsheasmhacht in aghaidh fuachta: go stairiúil, roghnaíodh ‘Cicoria puntarelle molfettese’ toisc go bhfuil sé in ann sioc an gheimhridh, a thagann ó am go chéile ar saintréith é de stráice cósta Murge, a sheasamh. Léirítear an cruas sin i dtáirge a choinníonn a uigeacht agus a bhrisce fiú tar éis titim ghearr sa teocht.

— Struchtúr agus méid an chinn: tá na hithreacha aolchloiche agus an soláthar teoranta uisce fabhrach do chinn dhlútha ar chruth pirimide, lena mbaineann líon mór péacán inmheánach sorcóireach fada.

— Dath agus cion clóraifille: mar thoradh ar fhás páirteach na bpéacán nuair a chosnaítear iad le duilleoga, mar aon le huigeacht na hithreach, bíonn dath glasbhán ar na péacáin.

— Comhdhúile blais agus searbha: modhnaíonn éagsúlachtaí teochta agus bainistiú barr bithsintéis na gcomhdhúl searbh (lachtóin seisciteirpéine) agus feanól, rud a chruthaíonn cothromaíocht idir milseacht an chroí agus an t-iarbhlas beagáinín searbh.

Ról na gcleachtas saothraithe agus an féilire feirmeoireachta:

— Dlús plandaithe agus bainistíocht duilliúir: Spreagtar fás ingearach agus cuirtear teorainn le leithead na lainne duille mar gheall ar na hachair idir na sraitheanna agus na plandaí a bhunaítear sa chleachtas áitiúil, rud a mhéadaíonn an cion péacán inmheánach sa cheann.

— Am curaíochta agus buaine: bíonn tionchar díreach ag uainiú na curaíochta agus na buaine ag gach céim fheineolaíoch ar an méid, ar an mbrisce agus ar an bpróifíl aramatach.

— Bainistiú uisce agus úsáid leasachán: cuireann uisciú rialaithe agus úsáid theoranta leasachán le próifílí níotráite agus polaifeanóil atá éagsúil le limistéir saothraithe eile.

Tagairtí eolaíocha tacaíochta:

Tá fianaise thurgnamhach ann go bhfuil nasc cúisíoch idir an comhshaol, cleachtais fáis agus próifíl cheimiceach agus chéadfach ‘Cicoria puntarelle molfettese’, mar a leagtar amach i staidéir eolaíocha idirnáisiúnta. I measc na staidéar is ábhartha tá:

— D’Acunzo, F., Giannino, D., Longo, V., Ciardi, M., Testone, G., Mele, G.,... & Ursini, O. (2017). ‘Influence of cultivation sites on sterol, nitrate, total phenolic contents and antioxidant activity in endive and stem chicory edible products.’ *International Journal of Food Sciences and Nutrition*, 68(1), 52–64.

— Testone, G., Mele, G., Di Giacomo, E., Gonnella, M., Renna, M., Tenore, G. C.,... & Giannino, D. (2016). ‘Insights into the sesquiterpenoid pathway by metabolic profiling and de novo transcriptome assembly of stem-chicory (Cichorium intybus cultigroup “Catalogna”).’ *Frontiers in Plant Science*, 7, 1676.

Leis an stair a bhaineann le ‘Cicoria puntarelle molfettese’ a tháirgeadh, cruthaíodh naisc láidre le tomhaltóirí, ar mór acu fós sa lá atá inniu ann a cháilíocht speisialta shainiúil.

Téann stair ‘Cicoria puntarelle molfettese’ siar i bhfad. Téann na foinsí scríofa siar go dtí tús an fichiú haois. Léirítear le litríocht talmhaíochta agus chócaireachta uile na mbardas sa limistéar táirgeachta, díol 100 bliain í, chomh maith le teistiméireachtaí díreacha feirmeoirí scothaosta, uathúlacht stairiúil an táirge seo. Tá féiniúlacht shonrach bainte amach ag an bplanda duilleoige umhal seo a bhfuil sraith frásaí agus nathanna coitianta bunaithe air: ‘spigata’ [biorach], ‘a punte’ [gobach], ‘puntarelle’ [barra], ‘campestri’ [tuathúil], ó ‘Molfetta’ agus ‘molfettese’ [de chuid Molfetta]. Léirítear leo sin uile go soiléir ‘siocaire’ ar saintréith é den limistéar sainithe agus insainithe sin: ‘Cicoria puntarelle molfettese’.

Tá taifid agus tras-scríobh ar ‘díoltóirí, trádálaithe sráide agus peidléirí ag reic’ gnáthradharc i gceantair thuaithe, agus iad ina seasamh i bpríomhchearnóga Molfetta, le fáil i dteisiméireachtaí agus cuireann siad sin beocht in aithrisí ar an gcaoi ar díoladh an táirge [sa chanúint áitiúil]: ‘uè la cimececoreï’à specate’ (‘tar agus faigh an siocaire biorach’), G. De Marco, Molfetta tra passato e presente [Molfetta mar a bhí agus mar atá], Molfetta – Mezzina, 1982, lch. 12.

Sna 1980í, bhí an-tionchar ag an tuiscint ar luach sainiúil an táirge, a tháinig chun cinn nuair a rinneadh na heagraíochtaí táirgeoirí a aontú, ar an gcaoi a ndeachthas i mbun bainistíochta iomláine ar tháirgeadh agus ar mhargaíocht an táirge.

Go deimhin, i gcríoch Molfetta, bhí tábhacht bhunúsach ag baint le comhlacht aontaitheach uathúil: Cooperativa Ortofrutticola San Giacomo Soc. Coop. A R L. [comharchumann corpraithe torthaí agus glasraí San Giacomo]. Bunaíodh é an 2 Nollaig 1981, tháinig sé i bhfeidhm an 5 Bealtaine 1982 agus bhí sé gníomhach go dtí deireadh na 1990í.

Tá an nasc idir an táirge gairneoireachta seo agus a úsáidí cócaireachta i dtraidisiún Molfetta soiléir freisin i dteistiméireachtaí a bailíodh ó chartlanna agus ó shaoránaigh phríobháideacha maidir le himeacht ina raibh príomhpháirt ag an siocaire: Sagra della 'Cicoria puntarelle molfettese' [Sollúntacht 'Cicoria puntarelle molfettese']. Bhí an t-imeacht sin, arna chur chun cinn ag comharchumann torthaí agus glasraí San Giacomo thuasluaite, ar siúl gach bliain idir 1985 agus deireadh na 1990í.

Tá go leor teistiméireachtaí ann freisin maidir le margaíocht 'Cicoria puntarelle molfettese', mar a léirítear sa doiciméadacht a bhaineann le cáin ó na 1990í.

Chruthaigh deimhniúcháin agus aitheantas 'Cicorie puntarelle molfettese' sa limistéar spéis sa saol eolaíoch freisin.

Mar thoradh ar an spéis sin atá ag lárionaid taighde, rinneadh sraith staidéar agus iniúchadh breise ar an téama:

— D'fhorbair M. Gonnella, M. Renna, D. Giannino, P. Santamaria (2012) nós imeachta chun pobail áitiúla den chineál Catalogna (Cichorium intybus L.) a shainaithint agus modh próiseála chun an táirge a dhéanamh réidh lena thomhailt. Imeachtaí IX Comhdháil Náisiúnta Bithéagsúlachta, Valanzano (Bari), an 5-7 Meán Fómhair 2012. Imleabhar 2: *Biodiversity, food and health*, 186-192;

— M. Renna, M. Gonnella, D. Giannino, P. Santamaria (2014). 'Quality evaluation of cook-chilled chicory stems (Cichorium intybus L., Catalogna group) by conventional and sous vide cooking methods.' *Journal of the Science of Food Agriculture*, 94, 656–665;

— Tionscadal 'biodiversità delle specie Orticole della Puglia (BiodiverSO)' [Bithéagsúlacht speiceas glasraí Puglia] (2013-2018), arna mhaoiniú ag réigiún Puglia, faoi Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005, an Clár Forbartha Tuaithe le haghaidh Puglia 2007-2013, Beart 214, Gníomhaíocht 4, Foghníomhaíocht a) 'Tionscadail chomhtháite bhithéagsúlachta', tréimhse tosaigh 2014-2015. Sainaithníodh sa tionscadal saintréithe sonracha an táirge ar a dtugtar 'Cicoria puntarelle molfettese'.

I ngach ceann de na staidéir thuasluaite, déantar 'Cicoria puntarelle molfettese' a lua agus a shainaithint.

Sa lá atá inniu ann, ní táirge gairneoireachta amháin é 'Cicoria puntarelle molfettese'. Tá sé anois ina fhíorshiombail chultúrtha agus ghastranómach de Puglia. Ó thábhlaí i dtithe feirme go biachláir bialanna comhaimseartha, ó fhéilte áitiúla go gníomhaíochtaí promóisin le haghaidh agraibhia agus turasóireachta, tá ról ceannasach ag an siocair sin in athbheochan tuaithe ina dtugtar bia, stair, geilleagar agus pobal le chéile. Le blianta beaga anuas, agus sna tionscnaimh is déanaí, cuireadh borradh faoin turasóireacht tuaithe. Tá níos mó agus níos mó turasóirí ag roghnú eispéireas barántúil, agus iad ag tabhairt cuairt ar gharraithe 'Cicoria puntarelle molfettese' i bhfad i gcéin i gcroíchríocha talmhaíochta Molfetta, mar shampla leis an tionscnamh 'Orti Aperti' [garraithe oscailte] a d'eagraigh grúpa gníomhaíochta áitiúil Ponte Lama. Chuir bardas Molfetta agus an comhlachas AUSER an tionscadail 'Colto e mangiato' [buainte agus ite] chun cinn agus bhí béim ann ar 'Cicoria puntarelle molfettese'. Mar thoradh air sin, tionóladh comhdháil an 18 Aibreán 2024. Bhí aird an phobail air ar bhealach suntasach agus d'éirigh go maith leis.

Chuir na comhlachais Cuochi Baresi, APCI (Comhlachas Gairmiúil Cócairí na hIodáile), Réiteach Cócaireachta, Molfetta Food, Assolocali Bisceglie agus go leor eagraíochtaí beaga eile imeachtaí gastranómacha chun cinn atá tiomnaithe go hiomlán do 'Cicoria puntarelle molfettese'. Áirítear orthu sin 'Dalla terra alla tavola': [ón talamh go dtí an bord], tionscnamh a díríodh ar 'Cicoria puntarelle molfettese' agus é mar aidhm aige na saintréithe agus an stair uathúil a chur chun cinn. Chruthaigh gníomhaíochtaí cur chun cinn na gcomhlachas sineirgí idir an saol acadúil, comhlachais, táirgeoirí agus bialannaithe, agus é d'aidhm bhunúsach acu luach gastranómach 'Cicoria puntarelle molfettese' a chomhdhlúthú, agus é a chur chun cinn go forleathan. Sampla de sin is ea tionscnamh Istituto

Professionale Alberghiero [institiúid ghairm na lónadóireachta] a eagraíonn meithleacha bliantúla ar ábhair shonracha a bhaineann le heolas agus úsáid ‘Cicoria puntarelle molfettese’ chun oidis thraidisiúnta agus chruthaitheacha a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá na comhlachais agus na hinstitiúidí áitiúla uile lena mbaineann taobh thiar de dhul chun cinn an oideachais agus an chultúir i bpróiseas chun táirgeadh talmhaíochta agus saothrú agraibhia a chosaint agus a threisiú ina bhfuil ‘Cicoria puntarelle molfettese’ ina shiombail dhoshéanta de shaineolas a thagann ón talamh agus a thagann chun boird.

Tagairt d’fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3335